Bileog 6.1 An Aimsir Chaite

Cuid A

Féach ar an bhriathar ceannaigh thíos – cad is féidir leat a rá faoi conas an Aimsir Chaite a chumadh?

Fréamh an bhriathair	–	Ceannaigh
Aimsir Chaite	–	Cheannaigh mé *(I bought)*

Anois féach ar an cheist agus ar an fhreagra san Aimsir Láithreach agus san Aimsir Chaite:

An gceannaíonn tú?	Ar cheannaigh tú?
Ceannaím/Ní cheannaím	Cheannaigh/Níor cheannaigh

An féidir leat féin agus an duine in aice leat aon riail / patrún a aithint ón mhéid thuas?

_____ _____

_____ _____

Cuid B

An féidir leat féin agus an duine in aice leat na briathra thíos a chur san Aimsir Chaite? Leanaigí an sampla sa chéad cholún. San Aimsir Chaite is cuma cé mhéad siolla atá i gceist - ní dhéantar ach athrú ar thús an bhriathair.

breathnaigh *imir *ól
léigh síl tiomáin

Síl					
Shíl mé	_____	_____	_____	_____	_____
Shíl tú	_____	_____	_____	_____	_____
Ar shíl tú?	_____	_____	_____	_____	_____
Shíl/Níor shíl	_____	_____	_____	_____	_____
	_____	_____	_____	_____	_____
	_____	_____	_____	_____	_____
	_____	_____	_____	_____	_____
	_____	_____	_____	_____	_____
	_____	_____	_____	_____	_____

Cuid C

***Féach ar** imir **agus** ól**. Cad is féidir leat a rá faoi** d'**? Cén ceangal atá idir seo agus séimhiú? Pléigh leis an duine in aice leat!**

© CIDE Má Nuad

Bileog 6.2 An Aimsir Chaite – Briathra Mírialta

Seo thíos na briathra mírialta. Tá an cheist agus an freagra san Aimsir Chaite tugtha do gach ceann. Bí ag obair leis an duine in aice leat – caithfidh sibh na briathra ar fad a scríobh i ngach pearsa bunaithe ar an cheist agus ar an fhreagra atá tugtha. Scríobhadh duine agaibh cúig cinn agus an duine eile cúig cinn agus ansin malartaígí – an mbeadh aon rud difriúil scríofa agatsa leis an duine in aice leat?

Tar

Tháinig mé
Tháinig tú
Tháinig sé/sí
Tháinig muid
Tháinig sibh
Tháinig siad

Ar tháinig tú?
Tháinig/Níor tháinig

Téigh

_____
_____
_____
_____
_____
_____

An ndeachaigh tú?
Chuaigh/Ní dheachaigh

Feic

_____
_____
_____
_____
_____
_____

An bhfaca tú?
Chonaic/Ní fhaca

Clois

_____
_____
_____
_____
_____
_____

Ar chuala tú?
Chuala/Níor chuala

Déan

_____
_____
_____
_____
_____
_____

An ndearna tú?
Rinne/Ní dhearna

Abair

_____
_____
_____
_____
_____
_____

An ndúirt tú?
Dúirt/Ní dúirt

Beir

_____
_____
_____
_____
_____
_____

Ar bheir tú?
Bheir/Níor bheir

Faigh

_____
_____
_____
_____
_____
_____

An bhfuair tú?
Fuair/Ní bhfuair

Ith

_____
_____
_____
_____
_____
_____

Ar ith tú?
D'ith/Níor ith

Tabhair

_____
_____
_____
_____
_____
_____

Ar thug tú?
Thug/Níor thug

Bí

_____
_____
_____
_____
_____
_____

An raibh tú?
Bhí/Ní raibh

Bileog 6.3 An Deireadh Seachtaine – Duine A

Cuid A

Seo thíos na rudaí a rinne tusa ag an deireadh seachtaine. Roghnaigh an briathar ceart agus cuir san Aimsir Chaite é do gach abairt. Tá na briathra atá ag teastáil ar *Bileog 6.1* ***agus*** *Bileog 6.2****.***

_____ mé peil.

_____ mé béile deas.

_____ mé ag damhsa le cara.

_____ mé mo leabhar úr.

Cuid B

Féach ar an dá cheist thíos. Cad is brí leo? Cad é an difríocht idir an dá cheist?

Cad é a rinne tú ag an deireadh seachtaine?
An ndearna tú aon rud ag an deireadh seachtaine?

Labhair leis an duine in aice leat le fáil amach cad é a rinne sé/sí féin ag an deireadh seachtaine agus scríobh ceithre rud a rinne sé/sí sa spás thíos. Bain úsáid as na ceisteanna thuas chun cabhrú leat.

_____

_____

_____

_____

© OF Má Nuad

Bileog 6.4 An Deireadh Seachtaine – Duine B

Cuid A

Seo thíos na rudaí a rinne tusa ag an deireadh seachtaine. Roghnaigh an briathar ceart agus cuir san aimsir chaite é do gach abairt. Tá na briathra atá ag teastáil ar *Bileog 6.1* ***agus*** *Bileog 6.2****.***



_____ mé pionta le cara.

_____ mé galf.

_____ mé ar an teilifís.

_____ mé mo charr úr.

Cuid B

Féach ar an dá cheist thíos. Cad is brí leo? Cad é an difríocht idir an dá cheist?

Cad é a rinne tú ag an deireadh seachtaine?
An ndearna tú aon rud ag an deireadh seachtaine?

Labhair leis an duine in aice leat le fáil amach cad é a rinne sé/sí féin ag an deireadh seachtaine agus scríobh ceithre rud a rinne sé/sí sa spás thíos. Bain úsáid as na ceisteanna thuas chun cabhrú leat.

_____

_____

_____

_____

© OÉ Má Nuad

Bileog 6.5 Máire agus Jan

Cuid A

Léigh an sliocht seo os ard leis an duine in aice leat agus pléigí brí an phíosa le chéile.

Lón Dé Luain



Níor bhuail Máire agus Jan le chéile le seachtain anuas. D'ith siad lón le chéile i gcaife i lár na cathrach. Labhair siad faoi cad é a rinne siad beirt ag an deireadh seachtaine. Bhí Jan an-ghnóthach, agus ní dhearna Máire ach rud amháin. Níl Jan róshásta.

Cuid B

Éist leis an chomhrá ar an téip agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cad é a rinne Jan ag an deireadh seachtaine?

_____

_____

2. An ndearna Máire aon rud ag an deireadh seachtaine?

_____

_____

Cuid C

Éist leis an téip arís agus déan liosta de na briathra a chuala tú san Aimsir Chaite. Cum an cheist agus an freagra dearfach agus diúltach do gach briathar.

Fréamh	**Ceist**	**Freagra dearfach**	**Freagra diúltach**
Déan	An ndearna?	Rinne	Ní dhearna
_____	_____	_____	_____
_____	_____	_____	_____
_____	_____	_____	_____
_____	_____	_____	_____
_____	_____	_____	_____

© Ó Má Nuad

Bileog 6.6 Tá mé ag dul…

Cuid A

Féach ar na habairtí seo thíos agus pléigh an difear eatarthu leis an duine in aice leat.

Chuaigh mé go Gaillimh.

Chuaigh mé go dtí an phictiúrlann.

Chuaigh mé chuig scannán.

Cuid B

Roghnaigh an focal ceart le cur sna bearnaí sna habairtí thíos. Beidh tú ag éisteacht leo ar an téip ar ball.

go
go dtí
chuig

1. Chuaigh mé _____ ceolchoirm.
2. Chuaigh mé _____ Baile Átha Cliath.
3. Ní dheachaigh mé _____ an baile mór.
4. Chuaigh mé _____ cóisir oíche aréir.
5. Ní dheachaigh mé _____ an siopa go fóill.
6. Ní dheachaigh mé _____ scannán le fada.
7. Chuaigh mé _____ Dún na nGall maidin inné.
8. Ní dheachaigh mé _____ an teach tábhairne.
9. Chuaigh mé _____ an pháirc tráthnóna inné.
10. Chuaigh mé _____ céilí Dé hAoine seo caite.

Cuid C

Sula n-éisteann tú leis an téip féach an bhfuil na freagraí céanna ag an duine in aice leat. Ansin éistigí leis an téip le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

© OÉ Má Nuad

Bileog 6.7 An t-am atá thart

Cuid A

Roghnaigh cén lá agus cén t-am a rinne tú na rudaí éagsúla thíos.

Lá:	Dé hAoine	**Am**:	Maidin
	Dé Sathairn		Tráthnóna
	Dé Domhnaigh		Oíche
	Laethanta eile		Seo caite
			Aréir
			Inné

Sampla: Ghlan mé an teach maidin Dé Sathairn seo caite.

Lá: _____ Am: _____ An teach 	Lá: _____ Am: _____ Sos caife 	Lá: _____ Am: _____ Bainis
Lá: _____ Am: _____ Siopadóireacht 	Lá: _____ Am: _____ Ceolchoirm 	Lá: _____ Am: _____ Siúlóid Sléibhe

Cuid B

Bí ag caint leis an duine in aice leat anois agus cuir ceist air/uirthi le fáil amach cén t-am nó cén lá a rinne sé/sí na himeachtaí éagsúla. Féach ar na ceisteanna seo:

Cén uair a chuaigh tú ag siúl?
Cén lá a chuaigh tú chuig an cheolchoirm?

© OFNa Nuad

Bileog 6.8 Faigh duine a . . .

Cuid A

Féach ar na habairtí sa chéad cholún. Má rinne tú féin ceann ar bith de na himeachtaí seo le déanaí cuir tic sa cholún faoi *Tú Féin****. Ansin scríobh cén uair a rinne tú é sa bhosca*** *Cén uair?****:***

Faigh duine a . . .	**Tú féin**	**Cén uair?**	**Ainm duine eile**	**Cén uair?**
-cheannaigh bronntanas				
-d'imir galf				
-bhreathnaigh ar DVD				
-chuaigh chuig cóisir				
-d'imir leadóg				
-chonaic scannán maith				
-léigh leabhar úr				
-bhí ag obair				
-thiomáin carr				
-d'ith bia Francach				

Cuid B

Siúil timpeall an ranga anois agus déan iarracht daoine a aimsiú a rinne na himeachtaí éagsúla thuas. Ná déan dearmad go mbeidh tú ag úsáid na foirme ceistí den bhriathar san Aimsir Chaite agus go mbeidh daoine ag cur ceiste ortsa chomh maith. Beidh na freagraí cruinne ag teastáil uait. Féach ar an chomhrá samplach seo le cuidiú leat:

- An bhfaca tú scannán maith ag an deireadh seachtaine?
- Chonaic. Chonaic mé *La vie en rose*.
- Go maith, cén uair a chonaic tú é?
- Oíche Dé Sathairn.

© OÉ Má Nuad

Bileog 6.9 Agallamh na Seachtaine

Cuid A

Éist le Sinéad ag cur agallaimh ar Phól Mac Gabhann an tseachtain seo faoi cad é a rinne sé ag an deireadh seachtaine. Freagair na ceisteanna agus cuir eolas breise leis na freagraí más féidir.

1. Cá raibh Pól?

Baile Átha Cliath **Doire** **Corcaigh** **Luimneach**

2. Cá ndeachaigh sé oíche Dé hAoine?

dráma **iarsmalann** **teach tábhairne** **bialann**

3. Cén uair a chuaigh sé abhaile?

oíche Dé Sathairn **tráthnóna Dé Domhnaigh** **Dé Luain maidin Dé Domhnaigh**

Cuid B

Éist leis an téip arís. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus scríobh síos na briathra ar fad a chloiseann sibh atá san Aimsir Chaite. Ná scríobh briathar ar bith faoi dhó más féidir.

_____	_____
_____	_____
_____	_____
_____	_____
_____	_____

Cuid C

Éist leis an téip arís. Bí ag obair leis an duine in aice leat leis an Ghaeilge a fháil ar a few/a couple. Nuair atá an focal aimsithe agaibh déanaigí plé ar na rialacha gramadaí a bhaineann leis an fhocal. Ansin cuir an fhoirm cheart de na hainmfhocail atá idir lúibíní sna bearnaí.

cúpla (lá)	_____	cúpla (focal)	_____
cúpla (daoine)	_____	cúpla (ranganna)	_____
cúpla (uair)	_____	cúpla (leabhair)	_____
cúpla (oíche)	_____	cúpla (cairde)	_____
cúpla (cluichí)	_____	cúpla (bord)	_____
cúpla (bomaitá)	_____	cúpla (deoch)	_____

© OE Má Nuad

Bileog 6.10 Ar bhain tú sult as?

Cuid A

Féach ar an cheist seo:

An mbaineann tú sult as snagcheol?

Cuir an cheist chéanna san Aimsir Chaite anois agus tabhair an freagra dearfach agus diúltach chomh maith.

An cuimhin leat na focail eile is féidir a úsáid in áit 'sult'?

Cuid B

*Céim 1****: Féach ar an bhosca thíos. Sa cholún*** *Tú Féin* ***cuir siombal in aice le gach abairt sa cholún ar chlé le léiriú ar bhain tú sult as an rud sin nó nár bhain. Féach ar an eochair seo:***

Bhain mé an-sult as.

Níor bhain mé mórán suilt as.

Níor bhain. Bhí sé go dona.

*Céim 2****: Beidh tú ag obair leis an duine in aice leat i gceann cúpla bomaite. Sula gcuireann tú na ceisteanna air/uirthi tabhair buille faoi thuairim faoin sult a shíleann tusa a bhain sé/sí as na topaicí thíos (an dara colún).***

*Céim 3****: Anois cuirigí ceisteanna ar a chéile le fáil amach an raibh an ceart agaibh faoi na rudaí ar bhain nó nár bhain sibh sult astu (an tríú colún).***

Ceisteanna	Tú féin	Do chara	Ceart?
Ar bhain tú sult as: - an deireadh seachtaine? - an rang deireanach? - an Nollaig seo caite? - do laethanta saoire? - do bhreithlá? - maidin Dé Luain?			

© OEM Nuad

Bileog 6.11 Ar bhain tú sult as?

Don Mhúinteoir!

Damhsa	Seoltóireacht	Mo charr úr	Leadóg	Iarsmalann
Ar thuras	Ag snámh	Ag siúl	Ceolchoirm	Galf
Teilifís	Béile	Pictiúrlann	Na siopaí	Bainis
Pionta	Obair	Páistí	An trá	Peil

© Údarás na Gaeltachta

Bileog 6.12 Níl sé ina lá!

Cuid A

Léigh an t-amhrán seo ó Oileán Thoraigh i gCo. Dhún na nGall. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus glacaigí sealanna an t-amhrán a léamh os ard dá chéile. Tá gluais ann le cuidiú libh brí an amhráin a fháil.

Chuaigh mé isteach i dteach aréir
Is d'iarr mé cairde ar bhean an leanna.
Is é dúirt sí liom "Ní bhfaighidh tú deoir.
Buail an bóthar is gabh na'bhaile."

Curfá:
Níl ina lá, níl a ghrá,
Níl ina lá is ná baol ar maidin,
Níl ina lá is ní bheidh go fóill,
Solas ard atá sa ngealaigh.
Chuir mé féin mo lámh i mo phóca
Is d'iarr mé briseadh corónach uirthi.
Is é dúirt sí liom "Buail an bord
Is bí ag ól anseo go maidin."

Curfá
"Éirigh i do shuí, a fhir an tí,
Cuir ort do bhrístí is do hata
Go gcoinne tú ceol leis an duine cóir
A bheas ag ól anseo go maidin."

Curfá
Nach mise féin an fear gan chéill
A d'fhág mo chíos i mo scornaigh.
D'fhág mé léan orm féin
Is d'fhág mé séan ar dhaoine eile.

Gluais

cairde – credit
leanna – stout
gealach – moon
briseadh – change
go gcoinne tú – that you may keep
gan chéill – without sense
cíos – rent
i mo scornaigh – in my throat
léan – anguish
séan - prosperity

Cuid B

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Cuirigí líne faoi gach briathar atá san Aimsir Chaite agus gach briathar atá sa Mhodh Ordaitheach.

Cuid C

Éist leis an amhrán ar an téip anois. Léigh na focail nuair atá tú ag éisteacht leis an téip leis an fhuaimniú ceart a fháil.

Bileog 6.13 Go hiontach!

Cuid A

Beidh tú ag éisteacht le píosa ar an téip. Sula n-éisteann tú leis roghnaigh aidiacht ón bhosca a bheadh oiriúnach do na bearnaí sna habairtí thíos. Ansin labhair leis an duine in aice leat le feiceáil ar roghnaigh sé/sí na focail chéanna. Bí cúramach! Tá focail sa bhosca nach bhfuil ar an téip.

Anois éist leis an téip – an raibh an ceart agaibh?

go hiontach	go dona	Bhí am ar dóigh agam
go holcróchostasach	an-saor	
thar barr	uafásach	Thaitin sé go mór liom
Bhain mé spraoi as	tubaisteach	
	ar fheabhas	thar cionn

1. Chuaigh mé go Sasana ag an deireadh seachtaine. Bhí an aimsir fliuch agus fuar. Bhí sé _____.
2. D'ith mé béile i mbialann Spáinneach. Bhí an bia go deas ach bhí sé _____.
3. Bhreathnaigh mé ar scannán aréir, *The Last King of Scotland*. Bhain mé sult as. Bhí sé _____.
4. Chuaigh mé ag tonnmharcaíocht den gcéad uair Dé Sathairn. _____.
5. D'ól mé an iomarca oíche aréir. Tá tinneas cinn orm. Tá sé _____.
6. Chonaic mé dráma úr sa *Gate* oíche Dé Sathairn. Bhí sé _____.
7. Thiomáin mé carr úr mo chara Dé Máirt seo caite. _____.
8. Tháinig mé ar ais ó mo laethanta saoire inné. _____.
9. Fuair mé litir ón bhanc ar maidin. Tá mé i bhfiacha. Tá sé _____.
10. Chuala mé albam úr *Snow Patrol*. Tá sé _____.

© OÉ Má Nuad

Bileog 6.14 An deireadh seachtaine is fearr a bhí agat

Cuid A

Scríobh na briathra, na haidiachtaí agus na hainmfhocail a bheidh ag teastáil uait sna spásanna tugtha le cur síos a dhéanamh ar an deireadh seachtaine is fearr a bhí agat. Tá spás breise ann leis na focail atá le haimsiú agat a scríobh síos.

Ainmfhocail

Aidiachtaí

Briathra

Focail le cuardach

© OÉ Má Nuad

Cuid B

Scríobh do chuntas anseo.

Cuid C

Cuir ceist ar an duine in aice leat faoin deireadh seachtaine is fearr a bhí aige/aici.

Bileog 6.15 An tOireachtas

Cuid A

Bí ag caint leis na daoine eile i do ghrúpa. Déanaigí plé ar na ceisteanna seo a leanas:

Cad é Oireachtas na Gaeilge?
An raibh tú riamh ag an Oireachtas?

Cuid B

Bhí tú ag an Oireachtas i nDoire i 2006. Seo thíos an clár ama. Léigh an sceideal leis an duine in aice leat. Iarr ar an mhúinteoir cuidiú libh na himeachtaí éagsúla a thuiscint. Ansin samhlaigh go raibh tú ag an Oireachtas tú féin agus roghnaigh na himeachtaí a ndeachaigh tú chucu!

Dé Sathairn, 4 Samhain 2006
11.02 a.m. **Seó Beo an tSathairn** beo ón Ródaí ag Halla na Cathrach

1.00 i.n. **Comórtas 22: Lúibíní**
Láithreoir: Rónán Mac Aodha Bhuí
IONAD : Millennium Forum

7.30 i.n. **Comórtas 30: Corn Uí Riada**
Láithreoir: Máirtín Tom Sheáinín
IONAD: Millennium Forum

Oireachtas na Gaeilge

Dé Domhnaigh, 5 Samhain 2006
11.02 a.m. **Aifreann an Oireachtais** beo ó Ardeaglais Naomh Eoghan
(Léiriú: Conal Ó Dubhthaigh)

12.00 p.m. **Togha agus Rogha** beo ón Ródaí)
Láithreoir: Máirtín Tom Sheáinín)

Le Craoladh i ndiaidh na féile:-
Amhráin Nua-Chumtha
Craolfar Comórtas 24: Amhráin Nua-Chumtha(a bheidh ar siúl ag 5.00 p.m., Dé hAoine, 3 Samhain 2006, sa Tower Hotel) ar an **Luan, 6 Samhain 2006, ag 8.00 p.m.**

Agallamh Beirte
Beidh Comórtas 21: Agallamh Beirte, ar siúl sa Millennium Forum, ar an Aoine, 3 Samhain 2006, ag 10.30 p.m. Craolfar an comórtas seo ar RTÉ Raidió na Gaeltachta go luath tar éis na féile.

Cuid C

Bhí an duine in aice leat ag an Oireachtas chomh maith. Cuirigí ceisteanna ar a chéile faoi na himeachtaí éagsúla a raibh sibh acu. Féach ar na ceisteanna seo:

Cad é a rinne tú ag an deireadh seachtaine?
Cén lá/Cén uair a chuaigh tú ann?
Ar bhain tú sult as an *Agallamh Beirte*?
Ar thaitin *Togha agus Rogha* leat?